**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Fhorbairt*

**2023/0264(BUD)**

20.9.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Fhorbairt

chuig an gCoiste um Buiséid

maidir le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024
(2023/0264(BUD)

Rapóirtéir don tuairim: Ilan De Basso

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí, i gcomhthéacs éagobhsaíocht gheopholaitiúil, géarchéimeanna agus tubaistí nádúrtha atá ag dul i méid, nach mór do AE a ról a neartú trí chomhar inchreidte le tíortha comhpháirtíochta sa chomharsanacht agus sa Domhan Theas;

B. de bhrí, de réir OCHA, go dtuartar go mbeidh cúnamh daonnúil de dhíth ar 339 milliún duine faoi dheireadh 2023 agus nach mór do AE a bheith réidh chun cabhair a thabhairt i gcomhréir lena ghealltanais;

C. de bhrí go bhfuil an staid thromchúiseach atá ann cheana sa Domhan Theas ó thaobh neamhshlándáil bia agus míchothaithe de tar éis dul in olcas ó thús chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

D. de bhrí go bhfuil an bhearna idir riachtanais daonnúla agus acmhainní ag dul i méid; de bhrí, de réir Sheirbhís Rianaithe Airgeadais na hOifige um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA) de chuid na Náisiún Aontaithe, nár comhlíonadh ach 57 % de na riachtanais chistiúcháin in 2022; de bhrí go leanann cistiú daonnúil domhanda de bheith ag brath go mór ar líon an-teoranta deontóirí, agus gurb iad na deich ndeontóirí daonnúla is mó a sholáthraíonn níos mó ná 80 % den chistiú uile; de bhrí go bhfuil géarghá leis an mbonn acmhainní le haghaidh gníomhaíocht dhaonnúil a leathnú;

E. de bhrí gur cheart ranníocaíocht bhuiséad 2024 an Aontais Eorpaigh le tíortha comhpháirtíochta sa Domhan Theas a ailíniú leis na huaillmhianta go mbeadh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050 ar a dhéanaí, chomh maith le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe Comhaontú Pháras agus Comhaontú Kunmin-Montreal, agus gur cheart, leis an ranníocaíocht sin, go rannchuideofaí go suntasach le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’, an Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht agus an Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú;

1. á chur in iúl gur geal léi an aird a thugtar ar Cheannteideal 6 sa togra le haghaidh athbhreithniú ar CAI don tréimhse 2024-2027 le méadú 10.5 billiún ar uasteorainn Cheannteideal 6; á chur i bhfios go láidir gur cheart breathnú ar an méadú sin mar íosmhéid ionas gur féidir leis an Aontas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla i dtríú tíortha agus rannchuidiú le gealltanais SDG a chomhlíonadh; ag tathant ar an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir le hathbhreithniú CAI in am chun go mbeidh tionchar aige ar bhuiséad 2024; á iarraidh, thairis sin, ar na Ballstáit cloí leis an ngealltanas 0.7 % ar a laghad dá n-ollioncam náisiúnta a chur i leataobh do Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt (ODA) agus á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, Conclúidí ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 lena spreagtar na Ballstáit sciar iomchuí, mar shampla 10 %, dá mbuiséad ODA, a chaitheamh ar ghníomhaíocht dhaonnúil; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, go bhfuil géarghá le dlús a chur le hiarrachtaí chun an bonn acmhainní don ghníomhaíocht dhaonnúil a leathnú, agus leas á bhaint as acmhainní deontóirí traidisiúnta, as acmhainní deontóirí atá ag teacht chun cinn agus as acmhainní deontóirí

a d’fhéadfadh a bheith ann, as an earnáil phríobháideach chomh maith le geallsealbhóirí eile, chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil;

2. á mheabhrú go bhfuil caidreamh comhoibritheach ag an Aontas le líon mór tíortha agus go rannchuideoidh ionstraimí maoinithe sheachtraigh AE leis na gealltanais agus cuspóirí idirnáisiúnta ar chomhaontaigh an tAontas leo a bhaint amach, go háirithe Clár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Comhaontú Pháras;

3. á chur i bhfáth, in éineacht le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach, gurb í an fhorbairt dhaonna príomhthosaíocht ionstraim ICFCI-an Eoraip Dhomhanda; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh daoine cabhair um fhorbairt ón Aontas ar dtús; á chur in iúl gur oth léi go ndearnadh tearcmhaoiniú ar ionstraim ICFCI-an Eoraip Dhomhanda ó thús Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027, rud a chruthaigh bearna idir uaillmhianta misniúla AE ar an leibhéal domhanda agus na hacmhainní atá ar fáil chun iad a bhaint amach; á mheabhrú gur deiseanna tábhachtacha iad an t-athbhreithniú ar ionstraim ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus an t-athbhreithniú ar CAI, ar cheart buiséad an Aontais 2024 a chur in oiriúint dóibh, chun an méid sin a athrú;

4. ag tathant ar an gCoimisiún gach sprioc bhuiséadach a leagtar síos i rialachán ICFCI-an Eoraip Dhomhanda a urramú, go háirithe 30 % don aeráid, 85 % don phríomhshruthú inscne agus 20 % d’fhorbairt dhaonna, agus figiúirí mionsonraithe a sholáthar maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí cothrománacha agus leis an gclársceidealú don chuid eile de thréimhse CAI, go háirithe maidir leis an aeráid, an imirce, an bhithéagsúlacht agus príomhshruthú inscne; ag tabhairt dá haire, do 2021, gurbh é 14 % an sciar den mhéid geallta a rannchuidíonn le sprioc na himirce agus an easáitithe éigeantais, ar sciar é a sháraíonn an sprioc tháscach de 10 %; ag tabhairt dá haire go háirithe gurb í an imirce an phríomhghné is cúis le méadú EUR 10.5 billiún ar uasteorainn Cheannteideal 6 faoin togra le haghaidh athbhreithniú ar CAI; á chur in iúl gur oth léi gurbh é 18.5 % an sciar de na méideanna geallta a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide, ar sciar é atá go mór faoi bhun na sprice 30 %; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gurb é is dóichí, de réir an Choimisiúin, nach mbainfear amach an sprioc 10 % CAI maidir le caiteachas ar an mbithéagsúlacht a socraíodh do na blianta 2026 agus 2027 agus, dá bhrí sin, á chur i bhfios go láidir gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun a áirithiú go mbainfear amach í; á thabhairt chun suntais go bhfuil an bhearna maoiniúcháin bithéagsúlachta thar an tréimhse 2021-2030 cothrom le thart ar EUR 18.69 billiún in aghaidh na bliana agus gur cheart í a leigheas a luaithe is féidir;

5. á mheabhrú gur cheart go mbeadh an comhionannas inscne mar phríomhchuspóir nó mar chuspóir suntasach ag 85 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí nua arna gcur chun feidhme faoi ionstraim ICFCI-an Eoraip Dhomhanda, agus gur cheart an comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a bheith mar phríomhchuspóir ag 5 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí sin; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tuilleadh forbartha déanta ag an gCoimisiún ar mhodheolaíocht chun caiteachas a bhaineann leis an gcomhionannas inscne a rianú in CAI 2021-2027; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar thionchar inscne an chaiteachais agus a áirithiú go mbeidh na sonraí ábhartha uile ar fáil lena rianú;

6. á iarraidh go ndéanfaí infheistíochtaí breise chun aghaidh a thabhairt ar an gcéim ar gcúl

maidir le sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo (SRHR) a aithint agus a chosaint, chomh maith leis an bhfrithfhreagairt ghinearálta i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne i dtíortha i mbéal forbartha; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur cheart tosaíocht a thabhairt do thacaíocht spriocdhírithe d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) agus do phobail a mholann urraim do SRHR, do chearta na mban, don chomhionannas inscne, do phobal LGBTIQ+ agus do phobail imeallaithe eile;

7. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha chun go mbainfear spriocanna príomhshruthaithe aeráide agus bithéagsúlachta amach a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 maidir le buiséad an Aontais agus caiteachas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh; á chur i bhfáth gur gá comhsheasmhacht a áirithiú idir cistiú na haeráide agus na bithéagsúlachta agus á iarraidh ar an gCoimisiún méideanna agus sciartha an chaiteachais a fhoilsiú a rannchuideoidh leis an dá sprioc in aghaidh an chláir, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (ICFCI-an Eoraip Dhomhanda), agus an dréachtbhuiséad á thíolacadh aige; ag cur béim ar an ngá atá le meastóireachtaí *ex-post* leordhóthanacha a dhéanamh agus béim ar leith á leagan ar thionchar na dtionscadal ar an aeráid agus ar an mbithéagsúlacht;

8. ag tabhairt dá haire, agus í ina chúis mhór bhuartha di, gurb í an chabhair dhaonnúil an ionstraim atá faoin mbrú is mó faoi Cheannteideal 6 fós; ag tabhairt rabhaidh nach réitigh inbhuanaithe iad réitigh *ad-hoc* trí treisithe buiséadacha ó fhoinsí eile cistiúcháin nó trí ath-leithdháiltí agus athghealltanais; á iarraidh ar an gCoimisiún bonnlíne dhaingean a bhunú agus a choinneáil le haghaidh cabhair dhaonnúil intuartha atá bunaithe ar phrionsabail toisc nach dócha go dtiocfaidh moill ar an treocht maidir le héigeandálaí atá ag dul i méid, lena n-áirítear mar gheall ar an tionchar daonnúil atá ag an méadú atá ag teacht ar líon na dteagmhas aimsire a mheastar a tharlóidh go dtí 2027; á chur i bhfáth freisin gur gá éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais dhaonnúil a fheabhsú agus iarrachtaí a mhéadú chun riachtanais dhaonnúla a laghdú; á mheabhrú nach gcumhdófar riachtanais dhaonnúla san Úcráin leis an tSaoráid don Úcráin a mholtar san athbhreithniú ar CAI; á iarraidh go ndéanfaí méadú 1 bhilliún euro sa bhreis ar an togra ón gCoimisiún ar líne bhuiséid HUMA, lena bhfuiltear ag súil leis na riachtanais atá tuartha ag na príomhghníomhaithe daonnúla agus lena gcuirtear san áireamh gur shroich buiséad daonnúil AE EUR 2.62 billiún in 2022 tar éis roinnt treisithe agus go bhfuil riachtanais chomhchosúla fós i gceist le haghaidh 2024; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an neamhshlándáil bia atá ag dul in olcas i dtíortha i mbéal forbartha, ar measa fós í de dheasca chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le tíortha comhpháirtíochta chun slándáil bia a fheabhsú;

9. á chur in iúl gur geal léi an gealltanas ón gCoimisiún go méadófar an sciar le haghaidh oideachais de bhuiséad AE maidir le cabhair um fhorbairt ó 10 % go 13 %; ag tabhairt dá haire, agus í ina chúis bhuartha di, go bhfuil ráta ard leanúnach neamhlitearthachta sna tíortha is lú forbairt; á thabhairt chun suntais gur saincheist inscneach í an neamhlitearthacht, a dhéanann difear do dhá thrian de mhná ar fud an domhain;

10. á mheabhrú go ndéanann rochtain theoranta ar chabhair dhaonnúil an difear is mó do mhná agus do leanaí agus gurb iadsan is mó atá i mbaol foréigin agus mí-úsáide; á

iarraidh go mbeadh cineálacha cur chuige trasnaí atá dírithe ar leanaí i gcinntí buiséid; á iarraidh ar an gCoimisiún táscaire sonrach a thabhairt isteach chun caiteachas seachtrach an Aontais ar fhorbairt agus ar chosaint leanaí i suíomhanna daonnúla a rianú, i gcomhréir le Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh (2021-2024);

11. á chur in iúl gur cúis bhuartha di staid airgeadais Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha (UNRWA), agus á iarraidh go gcuirfí dlús le tacaíocht airgeadais AE don Ghníomhaireacht in 2024 le haghaidh ranníocaíocht iomlán 110 milliún, chun a áirithiú go gcuirfear seirbhísí ríthábhachtacha ar fáil gan bhriseadh do cheann de na pobail is leochailí sa Mheánoirthear;

12. ag athdhearbhú an róil lárnaigh atá ag ESSanna mar ghníomhaithe forbartha i gcur chun feidhme an chláir oibre do ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais agus luachanna AE; á iarraidh go mbeadh siad rannpháirteach go gníomhach i gclársceidealú buiséid.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 16<br>–: 2<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Hildegard Bentele, Stéphane Bijoux, Dominique Bilde, Christophe Clergeau, Ryszard Czarnecki, Mónica Silvana González, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Karsten Lucke, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Michèle Rivasi, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Frances Fitzgerald, Marlene Mortler, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Róża Thun und Hohenstein |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 16 | + |
|---|---|
| PPE | Hildegard Bentele, Frances Fitzgerald, György Hölvényi, Rasa Juknevičienė, Marlene Mortler, Janina Ochojska |
| Renew | Stéphane Bijoux, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Christophe Clergeau, Mónica Silvana González, Karsten Lucke, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Erik Marquardt, Michèle Rivasi |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde, Bernhard Zimniok |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh